# Tosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim 2025

## Ár Misean

Freastal ar an bpobal tr í ch á nacha agus tr í dhleachtanna a bhaili ú go cothrom agus go h é ifeachtach agus tr í rialuithe custam a chur i bhfeidhm

**Seirbhís le haghaidh Comhlíontachta**

**Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht**

## Ár bhFís

Chun bheith ar cheann de na córais riartha chánach agus custam is mó chun tosaigh le muinín an phobail agus a bheith ar an rogha fostóra

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

## Ár gCreat Pleanála Straitéisí

### Straitéis Trí Bliana

Leagann Ráiteas Straitéise 2023 go dtí 2025 na gCoimisinéirí Ioncaim amach ár Misean, ár bhFís agus ár gCroíluachanna. Leagann sé amach ár gcuspóirí ard-leibhéil don tréimhse trí bliana faoinár ndá bhunchloch, is é sin Seirbhís le haghaidh Comhlíontachta agus Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht agus ár aghaidh a thabhairt chun dul i mbun na hoibre trínár ndaoine, struchtúir agus córais.


### Tosaíochtaí Bliantúla

Tá Tosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim 2025 (an tríú sraith tosaíochtaí agus an tsraith dheireanach faoin Ráiteas Straitéise reatha) ailínithe lenár Ráiteas Straitéise atá mar bhonn eolais d'fhorbairt Pleananna Gnó Rannóige do 2025.

### Pleananna Gnó Bliantúla

Leagtar amach i bPlean Gnó gach Rannóg an clár oibre don Rannóg sin, lena n-áirítear a gcuid iarrachtaí chun an RCP a bhaint amach.

## Ráiteas Straitéise 2023 go dtí 2025




Aithníonn ár Ráiteas Straitéise 2023 go 2025 sé réimse tosaíochta fócais.  Cuirtear iad seo ar fáil ar na leathanaigh seo a leanas agus, i gcás gach ceann, léirítear na príomhthionscnaimh atá beartaithe do 2025.

# 1. Tiomanta don Chomhlíontacht

**Ráiteas Straitéise 2023-2025**

Déanfaimid ár mbealaí oibre a ailíniú chun leibhéil comhlíontachta shaorálach thráthúla a uasmhéadú. Cuirfidh muid le héifeachtacht ár gCreat Idirghabhálacha Comhlíontachta inár bhfreagra ar rioscaí comhlíontachta.

Forbróidh muid straitéis láidir bainistíochta sonraí chun úsáid sonraí a mhéadú, rioscaí comhlíontachta a aithint agus freagairt níos gaire do fhíor-am, agus cabhrú le custaiméirí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

Beimid ag díriú tuilleadh ar smuigleáil agus ar ghníomhaíocht neamhdhleathach, ag obair i gcomhpháirtíocht le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta um chosc na coireachta agus ag úsáid ár raon iomlán sócmhainní.

**In 2025, déanfaidh muid an méid seo:**

**Tosaíochtaí**

1. Comhlíontacht tráthúil a spreagadh trí ús ar íocaíocht dhéanach a fheidhmiú go pras chomh maith le nósanna imeachta caighdeánacha forfheidhmithe de réir mar is cuí, agus ar an gcaoi sin acmhainní a chur i dtreo comhlíontachta na míosa dlite lena uasmhéadú.
2. Athbhreithniú a dhéanamh ar na beartais bhunúsacha agus ar an reachtaíocht chumasúcháin, chun a chinntiú go bhfuil muid ag baint amach ár gcuspóir maidir le freagairt chéimnithe a chur i bhfeidhm ar gach cineál neamhchomhlíontacht le cur chun feidhme ár gCreat um Idirghabhálacha Comhlíontachta (CIC).
3. Ár mbonn cásanna a ailíniú chun a chinntiú go sanntar eintitis don Rannóg is oiriúnaí chun comhlíontacht a mhéadú agus riosca cánach a bhainistiú.
4. Leanúint lenár bhfreagairt bríomhar ar smuigleáil agus ar thrádáil aindleathach i ndrugaí agus i dtáirgí inmháil trí chomhoibriú le Comhghuaillíocht na gCalafort Eorpach (EPA) mar chuid de Threochlár an AE chun Gáinneáil ar Dhrugaí agus ar Choireacht Eagraithe a Chomhrac.
5. Straitéis nua Bainistíochta Sonraí a chur i bhfeidhm chun rialachas agus bainistíocht éifeachtach a chinntiú chomh maith leis an úsáid is fearr a bhaint as an acmhainn ríthábhachtach seo chun comhlíontacht a uasmhéadú.
6. Ár gcumas a neartú maidir le gach gné bainteach le comhlíontacht i ríomhthráchtáil a bhainistiú go héifeachtach, agus ag coinneáil Bosca Uirlisí an AE a fógraíodh le déanaí ar intinn.

# 2. Dírithe ar an gCustaiméir

| Ráiteas Straitéise 2023-2025 | Cuirfidh muid ar chumas ár gcustaiméirí a bheith comhlíontach go saorálach trí sheirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar. Bainfidh muid leas as teicneolaíochtaí chun roghanna féinseirbhíse a fheabhsú, rud a chuirfidh ar chumas ár gcustaiméirí plé a dhéanamh linn ag am agus áit a thograíonn siad féin. Tacóidh muid go réamhghníomhach le custaiméirí sa Stóras Fiachais an Stóras a fhágáil trí chomhaontuithe íocaíochta saincheaptha.<br><br>Agus aitheantas á thabhairt againn don ról lárnach atá ag idirghabhálaithe cánach agus custam, déanfaimid iarracht feabhas a chur ar ár dtacaíocht dá gcuid oibre chun tacú le comhlíontacht agus chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht. |
|---|---|

**In 2025, déanfaidh muid an méid seo:**

**Tosaíochtaí**

1. Cairt nua do Chustaiméirí a chur i bhfeidhm agus tuairisciú éifeachtach agus trédhearcach a fhorbairt maidir lenár seachadadh seirbhíse.
2. Suirbhé a dhéanamh ar an gComhphobal Custaim (iompórtálaithe, easpórtálaithe, tarlóirí, idirghabhálaithe) chun a chinntiú go bhfuil tacaíochtaí comhlíontachta oiriúnach dár gcustaiméirí sa timpeallacht iar-Bhreatimeachta.
3. Athbhreithniú agus athscagadh a dhéanamh ar an fhaisnéis atá ar ár suíomh idirlín chun tacú le cáiníocóirí tuiscint a fháil ar a n-oibleagáidí cánach agus a dteidlíochtaí, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais na bhfiontar beag agus meánmhéide.
4. Leanúint ar aghaidh ag neartú ár raon leathan bealaí íocaíochta slána, ag baint leasa as na forbairtí is déanaí sa Teicneolaíocht Airgeadais le haghaidh íocaíochtaí a dhéantar ar an teileafón.

# 3. Daoine

| Ráiteas Straitéise 2023-2025 | Forbróimid agus feabhsóimid scileanna teicniúla, bainistíochta agus ceannaireachta ár ndaoine chun freastal ar riachtanais timpeallachta atá ag síorathrú. Cothóimid lucht saothair éagsúil agus cuimsitheach, atá ionadaíoch ar an bpobal ar a bhfreastalaímid. |
|---|---|

**In 2025, déanfaidh muid an méid seo:**

**Tosaíochtaí**

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar ár straitéis earcaíochta chun a chinntiú go bhfuil muid in ann freagairt sofhreagrúil a sholáthar i leith riachtanais ghnó a athraíonn i gcónaí, chomh maith lenár dteicneolaíocht a ghiaráil chun an chaoi a ndéantar buanna nua agus cinn atá ann cheana féin a ailíniú leis na réimsí saineolais ábhartha.
2. Cultúr measa, dínit agus luacha a chur chun cinn san áit oibre, agus glacadh go hiomlán lenár gcroíluachanna chun rannpháirtíocht fhiúntach foirne a chumasú, tiomantas a léiriú d'fholláine foirne agus tacú le forbairt i dtimpeallacht oibre chumaisc.
3. Cuir lenár gcumas láidir eagraíochtúil, ag seachadadh oiliúint ceannaireachta agus sraith cúrsaí ar fud raon disciplíní, le fócas ar leith ar scileanna den scoth a chothú i réimsí na hIntleachta Digití agus Saorga (AI).
4. Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna ár gcomhghleacaithe agus ár gcustaiméirí a chosaint in áit oibre dearfach atá bunaithe ar ár gcroíluachanna, trí Phlean Gníomhaíochta Dualgas Earnála Poiblí (DEP) na gCoimisinéirí Ioncaim a chur i bhfeidhm.



Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# 4. Teicneolaíocht

| Ráiteas Straitéise 2023-2025 | Déanfaimid tuilleadh infheistíochta i bhforbairt agus i gcothabháil chroíchórais TF agus teicneolaíochtaí digiteacha na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear an t-aistriú chuig córais fíor-ama agus scor na teicneolaíochta deireadh saoil agus ísealfhillte. Déanfaimid cánachas a chomhtháthú i bpróisis laethúla saoil agus gnó agus leathnóimid rannpháirtíocht agus tuairisciú fíor-ama ag cáiníocóirí. |
|---|---|

**In 2025, déanfaidh muid an méid seo:**

**Tosaíochtaí**

1. Ár gclár athnuachana teicneolaíochta agus ár gclár oibre nuachóirithe córais a chur chun cinn chun fiachas teicniúil a laghdú agus ár gcruach teicneolaíochta a chur in oiriúint don todhchaí agus leas a bhaint as deiseanna atá ag teacht chun cinn chun ár bpróisis ghnó a neartú.
2. Ár seirbhísí baincéireachta agus íocaíochta a nuachóiriú agus a nuashonrú i gcomhréir le forbairtí sa tírdhreach íocaíochtaí, chun a chinntiú go bhfuil ár n-ailtireacht theicniúil láidir go leor chun ár dtairiscintí íocaíochta a leathnú amach do cháiníocóirí sna blianta amach romhainn.
3. Straitéis a fhorbairt chun saothrú éifeachtach na hIntleachta Saorga a chinntiú agus ag an am céanna foráil a dhéanamh do rialachas agus maoirseacht éifeachtach ar a húsáid eiticiúil.
4. Ár gClár Oibre um Nuachóiriú CBL a chur chun cinn agus an dearadh dár gcórais náisiúnta nua á bhforbairt, chun teacht le forbairtí ar leibhéal an AE.
5. Ár n-oibleagáidí AE a chomhlíonadh maidir le Clár Oibre Chóid Chustaim an Aontais (UCC) a chur i bhfeidhm.



Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# 5. Tacaíocht Polasaí

| Ráiteas Straitéise 2023-2025 | Comhoibreoidh muid le dlínsí agus institiúidí comhpháirtíochta go hidirnáisiúnta, agus le comhlachtaí seirbhíse poiblí eile, go háirithe ag tacú leis an Aire agus leis an Roinn Airgeadais chun polasaí cánach agus dleachta a fhorbairt. Déanfaimid ionadaíocht éifeachtach ar leasanna na hÉireann san AE, san OECD agus san Eagraíocht Dhomhanda Custam. |
|---|---|

**In 2025, déanfaidh muid an méid seo:**

**Tosaíochtaí**

1. Tacú leis an Roinn Airgeadais i meastóireacht agus i bhforbairt leanúnach an chreata beartais cánach agus dleachta, lena n-áirítear cur i bhfeidhm Chlár Rialtais 2025, athruithe leanúnacha ar Cháin Dhomhanda agus forbairtí AE i réimsí CBL agus Custaim.
2. Forbairtí le déanaí a chur i bhfeidhm maidir le malartú faisnéise Cánach Idirnáisiúnta agus leanúint ar aghaidh lenár sraith de Chonarthaí Cánach a chur chun cinn.
3. Ullmhúcháin a dhéanamh d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh sa dara leath de 2026, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Airgeadais agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha.
4. Moltaí a fhorbairt le haghaidh treochlár maidir le nuachóiriú céimnithe CCI agus CISG.



Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# 6. Inbhuanaitheacht

| Ráiteas Straitéise 2023-2025 | Cuirfimid ár dTreochlár Glas i bhfeidhm chun ár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus chun bealaí nua oibre a neadú a laghdaíonn úsáid agus costais fuinnimh. Déanfaimid ár gcion i ngach obair tras-Rialtais chun spriocanna inbhuanaitheachta trasghearrtha a bhaint amach. |
|---|---|

**In 2025, déanfaidh muid an méid seo:**

| Tosaíochtaí | 1. Dul chun cinn maidir le spriocanna Phlean Gníomhaíochta an Rialtais a dhéanamh agus a chinntiú chun ár n-aschur carbóin a laghdú 51% faoi 2030.<br>2. Dul chun cinn a dhéanamh i gcur chun feidhme ár dTreochlár Glas agus creidiúnú ISO 500001 a bhaint amach do Bhainistíocht Fuinnimh.<br>3. Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a úsáidtear foirgnimh agus comhdhlúthú a dhéanamh nuair is féidir chun úsáid fuinnimh a íoslaghdú. |
|---|---|